2025/1484

23.12.2025

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1484 ÓN gCOIMISIÚN

## an 24 Iúil 2025

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an maolú ar íosmhéid tagartha caomhnaithe na mbreallach maighdeogach (*Venus spp.*) in uiscí teorann áirithe de chuid na hIodáile

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2376 ón gCoimisiún ([2]), deonaíodh maolú ar an íosmhéid tagartha caomhnaithe (ITC) a bhaineann le breallaigh mhaighdeogacha is é sin fad iomlán 22 mm, in uiscí teorann na hIodáile i bhFo-Limistéir Gheografacha 9, 10, 17 agus 18 an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir. Deonaíodh an maolú sin i ndiaidh moladh comhpháirteach a chuir an Iodáil isteach, arb í an Ballstát aonair í a bhfuil leas díreach bainistíochta aige ina uiscí teorann.

(2) Deonaíodh an maolú roinnt uaireanta le Rialacháin Tharmligthe (AE) 2020/3 ([3]), (AE) 2020/2237 ([4]) agus (AE) 2022/2587 ón gCoimisiún ([5]), a mhaireann an ceann deireanach díobh go dtí an 31 Nollaig 2025.

(3) An 10 Márta 2025 ([6]), chuir an Iodáil moladh comhpháirteach nua faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le nós imeachta Airteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2019/1241, inar iarradh síneadh a chur leis an maolú sin a mhéid a bhaineann leis an ITC le haghaidh breallaigh mhaighdeogacha sna huiscí teorann céanna de chuid na hIodáile. Chuathas i gcomhairle go cuí le Comhairle Chomhairleach na Meánmhara (CCM) ([7]) agus tacaíonn sí leis an moladh comhpháirteach. Sa Mholadh Comhpháirteach, gheall údaráis na hIodáile sraith beart a dhéanamh chun cuidiú le saothrú inbhuanaithe stoc na mbreallach maighdeogach, lena n-áirítear buain 4 lá ar a mhéad in aghaidh na seachtaine, gabháil laethúil 400 kg ar a mhéad in aghaidh an tsoithigh gan lamháltas, pointí tabhairt i dtír atá ainmnithe go heisiach, córas scagtha ag na pointí tabhairt i dtír sin, a chomhlíonann na ceanglais rialála (DM 22/12/2000), a áirithiú nach roghnófar ach breallaigh de mhéid tráchtála (cothrom le 22 mm nó os a chionn), go gcuirtear stop le gníomhaíochtaí iascaireachta ar feadh 3 mhí (nach dtagann i ndiaidh a chéile) idir mí Feabhra agus mí na Samhna seachas 2 mhí mar atá sa phlean atá ann faoi láthair agus limistéir athstocála ainmnithe le haghaidh breallaigh atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe.

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2376 ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2016 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha le haghaidh moilisc dhébhlaoscacha Venus spp. in uiscí teorann na hIodáile (IO L 352, 23.12.2016, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/2376/oj).
([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/3 ón gCoimisiún an 28 Lúnasa 2019 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha le haghaidh breallaigh mhaighdeogacha (*Venus* spp.) in uiscí teorann áirithe de chuid na hIodáile (IO L 2, 6.1.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/3/oj).
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2237 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/3 a mhéid a bhaineann leis an maolú ar íosmhéid tagartha caomhnaithe na mbreallach maighdeogach (*Venus* spp.) in uiscí teorann áirithe de chuid na hIodáile (IO L 436, 28.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/2237/oj).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2587 ón gCoimisiún an 18 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híosmhéid tagartha caomhnaithe na mbreallach maighdeogach (*Venus* spp.) in uiscí teorann áirithe na hIodáile (IO L 338, 30.12.2022, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2587/oj).
([6]) Ares(2025)2275519.
([7]) MEDAC 94/19.03.2025.

(4) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) measúnú ar an moladh comhpháirteach, agus ar an bhfianaise eolaíoch thacaíochta a chuir an Iodáil isteach ag an seisiún iomlánach a bhí aige idir an 24 agus an 28 Márta 2025 (STECF 25-01) ([8]). Mhol CETEI an fhaisnéis chuimsitheach a cuireadh i láthair chun tacú leis an moladh comhpháirteach le haghaidh maolú ar ITC na mbreallach maighdeogach, lenar tugadh cothrom le dáta an fhaisnéis a cuireadh faoi bhráid CETEI le haghaidh sheisiún iomlánach mhí an Mhárta 2022. Leis an bhfaisnéis a cuireadh isteach, tugadh aghaidh ar na príomhghnéithe is gá chun measúnú a dhéanamh ar an Moladh Comhpháirteach. Maidir leis na suirbhéanna a rinneadh sna ceantair éagsúla ar feadh tréimhse 6 bliana, 7 mbliana nó 8 mbliana, de réir an cheantair, thug CETEI dá aire go léiríonn siad dáileacháin chobhsaí minicíochta faid, lena ngabhann earcaíochtaí maithe bliantúla, agus gur codán beag den iomlán i ngach cás iad na breallaigh thráchtála (cothrom le 22 mm nó os a chionn). Thairis sin, thug CETEI faoi deara go bhfuil feabhas tagtha ar an roghnaíocht ó cuireadh an ITC 22 mm chun feidhme den chéad uair in 2017, ar bhealach nach gcoinnítear dóthain breallach ar bord anois chun tacú le hoibríochtaí fóinteacha síolaithe chun críoch athstocála agus nár úsáideadh limistéir athstocála ach ar éigean. Chomh maith leis sin, tar éis an chéad mhaolaithe ar an ITC trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2376 agus chur chun feidhme na mbeart bainistíochta sa rialachán sin, thug CETEI dá aire gur cosúil go bhfuil tabhairt i dtír ghabhálacha breallach maighdeogach (*Venus* spp.) cobhsaithe thart ar 20 000 tona agus go bhfuil méadú tagtha ar bhithmhais i roinnt ceantar. De réir thorthaí an mheasúnaithe, tríd is tríd, d'fhan gabhálacha thart ar an uastáirgeacht inbhuanaithe, rud a thabharfadh le fios, ar an iomlán, gur chuidigh na cleachtais bhainistíochta reatha le róshaothrú breallach maighdeogach a chosc. Ina theannta sin, tháinig CETEI ar an gconclúid freisin gur d'ainneoin an laghdaithe ITC go 22 mm in 2017, is cosúil go bhfuil leibhéal na bithmhaise stoic sceite sláintiúil toisc gur tugadh faoi deara go raibh earcaíocht mhaith ann i bhformhór na gceantar muirí agus laistigh den ghabháil tráchtála, ar choinníoll go leanfar de na bearta bainistíochta a chur chun feidhme mar a rinneadh sna blianta roimhe agus nach mbeidh aon mhórshuaitheadh comhshaoil ann, tá sé réasúnta glacadh leis go leanfaidh na tionchair ar stoc na mbreallach maighdeogach (*Venus* spp.) ar rátaí saothraithe agus bithmhais stoic sna 5 bliana amach romhainn treochtaí atá cosúil leis na treochtaí a tugadh faoi deara ó cuireadh an ITC 22 mm chun feidhme. Chomh maith leis sin, mhol CETEI measúnú ar thorthaí chur chun feidhme an ITC 22 mm in 2030 chun gur féidir aon mhodhnú féideartha a dhéanamh ar an bPlean Bainistíochta agus chun gur féidir éabhlóid an stoic sna ceantair mhuirí éagsúla a rianú.

(5) Tháinig CETEI ar an gconclúid freisin gur cosúil go léiríonn na staidéir a tuairiscíodh sa mholadh comhpháirteach nach tionchair mhóra ná dho-aisiompaithe iad na tionchair ar na gnáthóga. D'athdhearbhaigh CETEI go n-áirítear i bplean bainistíochta 2019 na hIodáile ([9]) bearta ar dócha go mbeidh siad níos éifeachtaí ná na coinníollacha a bhí i bhfeidhm roimh 2017.

(6) Ar bhonn na faisnéise a bailíodh ag an gcéim seo sa mholadh comhpháirteach, thuairim CCM, mheasúnú STECF 25-01, agus ghealltanais riaracháin na hIodáile atá in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Moladh Comhpháirteach, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an maolú ar an ITC na ceanglais a bunaíodh le haghaidh bearta teicniúla in Airteagail 15 agus 18 de Rialachán (AE) 2019/1241.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú dá réir sin.

(8) I bplean bainistíochta na hIodáile, sonraítear go ndéanfaidh an Iodáil dlúthfhaireachán ar stoic na mbreallach maighdeogach trí thuarascálacha a chuirfear chuig an gCoimisiún gach bliain.

(9) Tá na bearta a mholtar sa mholadh comhpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 18(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus le hAirteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2019/1241.

(10) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le hiascaigh agus ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais, ba cheart é a theacht i bhfeidhm díreach tar éis a fhoilsithe,

([8]) STECF 25-01: https://stecf.ec.europa.eu/document/download/53d22b03-45d7-4692-a05f-2fbefe64e34f_en.

([9]) Adozione del Piano di gestione nazionale per le attivita' di pesca con il sistema draghe idrauliche e rastrelli da natante cosi' come identificati nella denominazione degli attrezzi di pesca in draghe meccaniche comprese le turbosoffianti (HMD) e draga meccanizzata (DRB). (19A04117) (GU Serie Generale n.156 del 5.7.2019 - Suppl. Ordinario n. 27).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1241**

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Liosta na soithí**

Faoin 15 Eanáir 2026 cuirfidh údaráis na mBallstát faoi bhráid an Choimisiúin, agus úsáid á baint acu as suíomh gréasáin rialaithe slán an Aontais, liosta na soithí uile atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar bhreallaigh mhaighdeogacha (*Venus* spp.) trí úsáid a bhaint as dreidirí hiodrálacha in uiscí teorann na hIodáile i bhFo-Limistéir Gheografacha 9, 10, 17 agus 18 an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir.

Coinneoidh údaráis na mBallstát an liosta sin cothrom le dáta i gcónaí agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin tabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an 27ú hiontráil den tábla i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241:

| | |
|---|---|
| 'Breallaigh mhaighdeogacha (*Venus* spp.) | 25 mm (*) |

(*) De mhaolú air sin, ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030, is é 22 mm a bheidh in íosmhéid tagartha caomhnaithe na mbreallach maighdeogach (*Venus* spp.) in uiscí teorann na hIodáile i bhfo-limistéir gheografacha 9, 10, 17 agus 18 an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) (athmhúnlú), (IO L, 2023/2124, 12.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2124/oj).'